# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH — ARDLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 13 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH ROINN DE NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as Freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |

Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall.

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ,

NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 5 mharc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'sionoptach' ná ______________________

______________________________________________

**2.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag an réad reiligiúnach, taibearnacal, leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐

**3.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'sainchreideamh' ná ______________________

______________________________________________

**4.** D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar an gcomhoibriú mar thréith de phobal creidimh. Ainmnigh tréith **eile** de phobal creidimh. ______________________

______________________________________________

**5.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag an réad reiligiúnach, lampa Arti, leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**6.** I mbunreacht Stáit tá sraith de ______________________

______________________________________________

**7.** Nuair a saolaíodh Íosa bhí Beithil i bproibhinse ______________________

**8.** Is téacs diaga é an Tórá a bhfuil an bhaint is mó aige leis an mBúdachas. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**9.** Léigh liosta na bpaidreacha agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Rinneadh paidir amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aici leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Paidreacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Cré na nAspal<br>An Paritta<br>An Shahadah<br>An Shema<br>An Rig Veda | An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas<br>An Giúdachas |

| | *Paidir* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | Cré na nAspal | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**10.** Sampla de chód morálta reiligiúnach is ea ______________________________

______________________________________________________________

**11.** Is é atá i gceist leis an Ildiachas ná creideamh - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

In a lán déithe ☐ I nDia ar bith ☐ In aon Dia amháin ☐

**12.** Agus duine ag teacht ar chinneadh morálta is é atá i gceist le saoirse ná ____________

______________________________________________________________

**13.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag Shabbat leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**14.** I dtraidisiún reiligiúnach ciallaíonn an téarma 'foilsiú' ______________________

______________________________________________________________

**15.** Baineann an mhoráltacht le breithiúnais a thabhairt ar a bhfuil ceart agus mícheart. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**16.** I dtraidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn an téarma 'naofa' ______________________

______________________________________________________________

**17.** Is ball éadaigh é an Burca a bhfuil an bhaint is mó aige leis an Ioslamachas. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**18.** An dearcadh atá san Aindiachas ná ______________________________

______________________________________________________________

**19.** Ba é Eoin an chéad soiscéalaí a scríobh Soiscéal. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**20.** Íomhá de Dhia a bhaineann le traidisiún reiligiúnach is ea a bheith mar aoire.

Ainmnigh íomhá **eile** de Dhia a bhaineann le traidisiún reiligiúnach. ______________

______________________________________________________________

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ CINN** DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN DÍOBH. **(Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Is grianghraf é seo de dhuine ag seanmóireacht le linn seirbhís reiligiúnach.**



*(Foinse:www.anglicantaonga.org.nz)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil an duine ag seanmóireacht le linn seirbhís reiligiúnach.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Is áit í an phuilpid a bhfuil baint aici le seanmóireacht.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** fheidhm a d'fhéadfadh a bheith ag an tseanmóireacht laistigh de phobal creidimh.

i. ________________________________________

________________________________________

________________________________________

ii. ________________________________________

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Is grianghraf é seo de dhuine atá ag dul leis an ngairm reiligiúnach atá aici.**



*(Foinse: theinnerkingdom. wordpress.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr seo a thugann le tuiscint go bhfuil gairm reiligiúnach ag an duine.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** I dtraidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn 'gairm' glaoch chun_

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** bhealach inar féidir le duine cráifeach dul lena g(h)airm seachas an bealach a léirítear sa ghrianghraf.

i. ________________________________________

________________________________________

________________________________________

ii. ________________________________________

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

**Ceist 3. Is grianghraf é seo de shearmanas reiligiúnach.**



*(Foinse: blogspot.com)*

**A.** Roghnaigh **rud** amháin as an bpictiúr seo a thugann le tuiscint gur searmanas reiligiúnach é seo.

(2 mharc)

**B.** Ainmnigh searmanas **eile** ina gceiliúrann baill de reiligiún domhanda ócáid reiligiúnach i saol duine.

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a mbíonn searmanas ag baill de reiligiún domhanda chun ócáid a cheiliúradh a bhfuil tábhacht reiligiúnach ag baint léi i saol duine.

i.

ii.

(6 mharc)

**Ceist 4. Is grianghraf é seo de phóstaer le haghaidh ócáid reiligiúnach.**




*(Foinse: Arna oiriúnú ó SoftKey Multimedia & Expert Software INC)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpóstaer seo a thugann le tuiscint go bhfuiltear ag tabhairt cuiridh do dhaoine chuig ócáid reiligiúnach.

(2 mharc)

**B.** Luaigh toisc **amháin** a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chleachtas reiligiúnach duine.

(2 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil tábhacht le cleachtas reiligiúnach do na baill de phobal creidimh.

i.

ii.

(6 mharc)

# ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN COMHRÁ GUTHÁIN SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA UILE A LEANANN É.

Grúpa: Sam, Alex, Phil, Ali ............................................................ ✆ Glao Gutháin

Táimid díreach ar ais tar éis mo Dhaid a bhailiú ón aerfort. Tá sé sa bhaile do mo 13ú breithlá agus don searmanas sa tSionagóg. Tá sé ar fheabhas go mbeidh an teaghlach uile le chéile don ócáid. Táim neirbhíseach toisc go mbeidh aird an tslua orm le linn an tsearmanais ach tiocfaidh misneach chugam agus a fhios agam go bhfuil Dia agus mo mhuintir le m'ais. *Sam* ☺

*Alex*: Aontaím leat, is iontach an chaoi a dtig leis an reiligiún daoine a thabhairt le chéile. Inné bhí seirbhís urnaí san Eaglais seo agamsa. Bhí an áit plódaithe. Ghuíomar do dhaoine atá i ngátar agus i gcruachás agus ghlacamar buíochas le Dia as na dea-rudaí uile sa saol.

*Phil:* Inis dom cén fáth a bhfuil tú chomh cinnte sin go bhfuil Dia ann? Tá amhras ormsa an bhfuil Dia ann. Tá cara liom díreach tar éis bás a fháil agus táim ag fiafraí díom féin – Cén fáth a gcaithfidh daoine bás a fháil agus iad chomh hóg sin? Feicim an chaoi a gcuidíonn an reiligiún le daoine chun déileáil le cruachás ina saol ach is deacair liom creidiúint nuair nach féidir liom Dia a fheiceáil ná a chruthú go cinnte go bhfuil Dia ann.

*Ali:* Ba mhaith liom a rá gur rud an-tábhachtach é domsa a bheith gar do Dhia. Is ann do rudaí cé nach féidir linn iad a fheiceáil ná a chruthú go bhfuil siad ann. Lasaim coinnle gach lá ag scrín i mo theach agus guím chuig an dia is rogha liom faoi mo chuid ábhar dóchais agus imní.

**1.** Mínigh an chaoi a léiríonn an comhrá gutháin thuas cad atá i gceist le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas:
- AN tAGNÓISEACHAS
- EISPÉIREAS DÉ A BHRATH

(10 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**2.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist le 'creideamh' a bheith agat ná _________

______________________________________________________________________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfadh **dhá** thoisc tionchar a imirt ar fhorbairt a chreidimh reiligiúnaigh ag duine.

i. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

ii. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(10 marc)

**3.** Léirítear ceisteanna faoi bhrí na beatha uaireanta sa lá atá inniu ann ar na bealaí seo thíos:

● LEABHAIR ● SCANNÁIN ● CEOL

Tabhair breac-chuntas ar shampla den chaoi a bhfeictear daoine ag cur ceisteanna maidir le brí na beatha ar cheann **amháin** de na bealaí liostaithe thuas.

____________ ______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

(10 marc)

**4.** *Uaireanta iompaíonn daoine i dtreo an reiligiúin mar fhoinse brí sa saol.*

Déan cur síos ar shampla den chaoi a bhféadfadh teagasc ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo thíos cuidiú le creidmhigh freagraí a aimsiú agus iad ag lorg bhrí na beatha:

◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

____________________ ______________________________________________

(*Reiligiún Domhanda*) ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(15 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist leis an téarma 'seicteachas' ná __________

(5 mharc)

b. Scrúdaigh **dhá** bhealach ina gcuirfeadh an seicteachas isteach ar shaol daoine.

i.

ii.

(12 mharc)

c. Déan cur síos ar shampla **amháin** den chaoi a bhfuil aontacht idir Chríostaithe á spreagadh in Éirinn sa lá atá inniu ann.

(14 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**B.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist leis an téarma 'ministreacht' ná an tseirbhís a dhéanann duine i bpobal creidimh. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le sampla **amháin** de mhinistreacht i bpobal creidimh a ndearna tú staidéar air.

(14 mharc)

**Ceist 2.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. Ball den Sainidrín ba ea an tArdsagart sa Phalaistín le linn aimsir Íosa.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (5 mharc)

b. Déan cur síos ar an ról a bhí ag an Sainidrín sa Phalaistín le linn aimsir Íosa.

(15 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|
| | |

**B.** a. Bhí Peadar ar dhuine de na chéad Chríostaithe. Ainmnigh duine **eile** a bhí ar dhuine de na chéad deisceabail ag Íosa. ______________________________

(5 mharc)

b. DEASCABHÁIL ÍOSA ☐ AN CHINCÍS ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus déan cur síos ar cad a tharla ar an ócáid.

(10 marc)

c. Tabhair breac-chuntas ar conas mar a chuaigh an ócáid ar chuir tú tic léi thuas i bhfeidhm ar na chéad Chríostaithe.

(15 mharc)

**Ceist 3.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA**

**A.** a. Léigh liosta na siombailí reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda a thugtar thíos. Meaitseáil siombail **amháin** leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aici leis.

| *Siombailí Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Réalta Dháibhí | An Búdachas |
| Roth Ocht Spóca | An Hiondúchas |
| Om/Aum | An tIoslamachas |
| Corrán Gealaí | An Giúdachas |

Freagra:

| *Siombail Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(5 mharc)

b. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda a ndearna tú staidéar air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

Mínigh cén bhaint atá ag siombail reiligiúnach leis an reiligiún domhanda ar chuir tú tic leis thuas. ____________________
(*Siombail Reiligiúnach*)

____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________

(14 mharc)

c. I gcás an reiligiúin dhomhanda ar chuir tú tic leis i *gcuid Ab* thuas, déan cur síos ar cad a tharla i sampla **amháin** d'uair nuair a léirigh baill an reiligiúin tiomantas an-láidir dá gcreideamh.

____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________
____________________

(15 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**B.** Mínigh an chaoi a bhfuil ceangal idir **dhá** cheann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

(16 mharc)

## Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH

**A.** a. ◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

Déan cur síos ar shampla den teagasc maidir le cruthú an domhain atá le fail i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas.

*(Reiligiún Domhanda)*

(10 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

b. Déan comparáid idir an teagasc maidir le cruthú an domhain a bhfuil cur síos déanta agat air thuas agus an ceann atá le fáil i mór-reiligiún domhanda **eile**.

(12 mharc)

**B.** a.

- ÁBHARACHAS
- DÍ-EAGLAISEACHAS

Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le ceann **amháin** de na bealaí chun breathnú ar an saol liostaithe thuas agus déan cur síos ar shampla den chaoi ar féidir é a fheiceáil i sochaí an lae inniu.

(14 mharc)

b. Déan cur síos ar **dhá** thréith atá tipiciúil de chreideamh páiste.

i.

ii.

(14 mharc)

**Ceist 5.** **CEILIÚRADH AN CHREIDIMH**

**A.** a. Léigh liosta na ndeasghnáth reiligiúnach agus liosta na reiligiún domhanda a thugtar thíos. Meaitseáil deasghnáth reiligiúnach **amháin** leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis.

| *Deasghnátha Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Shofar a shéideadh | An Búdachas |
| Dana a thabhairt | An Chríostaíocht |
| Samskaras | An Hiondúchas |
| Comhartha na Croise | An tIoslamachas |
| Wudu | An Giúdachas |

Freagra:

| *Deasghnáth Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(5 mharc)

b. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda a ndearna tú staidéar air:

| AN BÚDACHAS | AN CHRÍOSTAÍOCHT | AN HIONDÚCHAS | AN tIOSLAMACHAS | AN GIÚDACHAS |
|---|---|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

Déan cur síos ar a bhfuil i gceist le deasghnáth reiligiúnach a bhfuil baint aige leis an reiligiún domhanda ar chuir tú tic leis thuas.

_______________ *(Deasghnáth Reiligiúnach)*

(14 mharc)

**B.** a. Scrúdaigh conas a léirítear na creidiúintí reiligiúnacha de mhór-reiligiún domhanda i ndeasghnáth reiligiúnach.

_______________ *(Deasghnáth Reiligiúnach)*

(15 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ina mbainfeadh baill de mhór-reiligiún domhanda tairbhe as a bheith rannpháirteach i ndeasghnátha reiligiúnacha.


i. ______________________________________________

ii. ______________________________________________

(16 mharc)

**Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA**

**A.** a.




*(Foinse: SoftKey Multimedia)*

Scrúdaigh an ról a bhíonn ag an smaoineamh a léirítear thuas sa chaoi a ndéanann duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de cinneadh faoina bhfuil ceart agus mícheart.

(12 mharc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

b. Céim amháin sa phróiseas i gcás cinneadh morálta a dhéanamh is ea machnamh a dhéanamh ar na torthaí a bheadh ann.

Déan cur síos ar a bhfuil i gceist i gcéim **eile** den phróiseas a dtugann duine faoi agus cinneadh á dhéanamh aige/aici faoi cad é an rud ceart le déanamh i ndálaí faoi leith.

(15 mharc)

**B.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist le maoirseacht ná freagracht an duine chun _

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar **dhá** shampla den chaoi a spreagann an teagasc de mhór-reiligiún domhanda an mhaoirseacht.

i.

ii.

(18 marc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.**

Scrúdaigh cad atá i gceist in **dhá** bhealach chun dialóg idir mhór-reiligiúin dhomhanda a chur chun cinn in Éirinn sa lá atá inniu ann.

**Ceist 2.**

Samhlaigh go gcaithfidh tú caint a thabhairt faoin gcaoi ar úsáid Luath-Chríostaithe na teidil seo a leanas le haghaidh Íosa: ● AN tÚRMHAC ● MAC AN DUINE

Tabhair breac-chuntas ar na pointí a dhéanfá i do chaint agus **gach** teideal á mhíniú agat agus conas a léiríonn úsáid **gach** teideal acu an tuiscint nua a fuair na Luath-Chríostaithe ar Íosa.

**Ceist 3.**

◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

Déan cur síos ar ar tharla le linn tréimhse géarleanúna i gcás ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar chuir sé isteach ar na baill den reiligiún domhanda sin.

**Ceist 4.**

Is féidir le daoine breathnú ar an domhan ar bhealaí éagsúla -

● AN DAONNACHAS ● AN tINDIBHIDIÚLACHAS

Mínigh conas a d'fhéadfadh **gach** ceann de na bealaí thuas tionchar a imirt ar an duine agus é/í ag cuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.

**Ceist 5.**

Scrúdaigh an ról a bhíonn ag íocón reiligiúnach san adhradh do na baill de mhór-reiligiún domhanda.

**Ceist 6.**

● AN BUNÚSAÍOCHAS REILIGIÚNACH ● AN LIOBRAÍOCHAS

Déan próifíl ar shampla den chaoi a bhféadfadh coimhlint ar bhuncheist mhorálta a bheith idir dlí tíre agus ceann **amháin** de na dearcthaí atá liostaithe thuas.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO dTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE
ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist ___



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

(70 marc)

Leathanach Bán